# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2021/1987 ÓN gCOMHAIRLE

**an 9 Samhain 2021**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Chomhar a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-na hAsarbaiseáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 207 agus 209 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile (an "Comhaontú") an 22 Aibreán 1996 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1999.

(2) Faoi Airteagal 81 den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle um Chomhar, a bunaíodh leis an gComhaontú, moltaí iomchuí a dhéanamh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(3) Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle um Chomhar an 28 Meán Fómhair 2018, glacadh Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-na hAsarbaiseáine le haghaidh na tréimhse 2018-2020.

(4) Ba cheart don Chomhairle um Chomhar Moladh a ghlacadh maidir le síneadh a chur le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-na hAsarbaiseáine go dtí 2024, agus é sin a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle um Chomhar a bhaineann le síneadh a chur le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-na hAsarbaiseáine a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle um Chomhar a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le moladh a ghlacadh maidir le síneadh a chur le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-na hAsarbaiseáine go dtí 2024, beidh an seasamh sin bunaithe ar an dréachtmholadh ón gComhairle um Chomhar [1].

[1] Féach doiciméad ST 11568/1/21 REV1 ag http://register.consilium.europa.eu.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Samhain 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. ŠIRCELJ